Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15935/22**

**ELARG 106**
**COWEB 190**
**COEST 914**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 13 Nollaig 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

1. Tugann an Chomhairle go maith dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, teachtaireacht ina bhfuil tuarascálacha maidir le Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv*, agus ina dtagraítear den chéad uair don Úcráin, do Phoblacht na Moldóive (dá ngairfear: an Mholdóiv anseo feasta) agus don tSeoirsia. An cogadh foghach gan chúis gan údar a chuir an Rúis ar an Úcráin agus an réaltacht gheopholaitiúil nua, cuireann siad i dtreis a ríthábhachtaí atá beartas an Aontais um méadú mar bhonn láidir don tsíocháin, don daonlathas, don rathúnas, don tslándáil agus don chobhsaíocht ar ár mór-roinn agus mar thosaíocht straitéiseach.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas don mhéadú i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach an 14 agus 15 Nollaig 2006 agus leis na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go nglacfaidh comhpháirtithe úinéireacht ar a ngealltanais agus ar a dtoil pholaitiúil, agus go léireoidh siad inchreidteacht na nithe sin, trí athchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme agus trí dhul chun cinn nithiúil a dhéanamh ar na bunphrionsabail. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí rudaí a bhaint amach ar bhealach daingean do-aisathraitheach i réimsí an smachta reachta, an gheilleagair, fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóirithe an riaracháin phoiblí chun na ceanglais a bhaineann le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh, agus is infheistíocht fhadtéarmach é an méid sin sa tsíocháin, sa daonlathas, sa rathúnas, sa tslándáil agus sa chobhsaíocht san Eoraip. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur rogha dhaingean straitéiseach é bunluachanna an Aontais agus peirspictíocht na hEorpa a ghlacadh agus cloí leo sin agus go bhfuil sin bunriachtanach i dtólamh do gach comhpháirtí atá ag tnúth le ballraíocht san Aontas. Tá ailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais mar chuid den rogha straitéiseach sin.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

3. Á mheabhrú di Clár Oibre Thessaloniki agus Dearbhuithe Shóifia, Shágrab, agus Brdo, athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas iomlán gan staonadh an Aontais do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas. Is san Aontas Eorpach a fheictear todhchaí na mBalcán Thiar agus a gcuid saoránach. Leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht a neartú agus a threisiú ar gach leibhéal chun tacú le claochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin, lena n-áirítear trí chúnamh leanúnach a thabhairt bunaithe ar an dul chun cinn nithiúil a dhéanfaidh na Balcáin Thiar maidir leis an smacht reachta agus maidir le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus maidir lena mhéid a chloífidh na comhpháirtithe le luachanna, rialacha agus caighdeáin an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag súil le cur chun feidhme iomlán an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus na gClár Oibre Glas agus Digiteach do na Balcáin Thiar, ar uirlisí tábhachtacha iad araon chun an bhearna shocheacnamaíoch a dhúnadh, bonneagar agus nascacht a fheabhsú, agus tacú le haistriú glas agus digiteach an réigiúin agus athléimneacht agus neamhspleáchas fuinnimh á gcothú ag an am céanna. Tá feabhas leanúnach curtha ag an Aontas ar a rannpháirtíocht bheartais leis na Balcáin Thiar, agus iad ag díriú ar phríomhréimsí comhleasa amhail an imirce, ceartas agus gnóthaí baile, an geilleagar agus an margadh aonair, fuinneamh, iompar agus an beartas digiteach, sláinte, cosaint shibhialta, an beartas sóisialta, oideachas agus taighde agus nuálaíocht, chomh maith le gnóthaí eachtracha, slándáil agus cosaint.

   Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí an rannpháirtíocht thorthúil sin a leathnú a thuilleadh, mar a léiríodh le déanaí ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i dTiorána an 6 Nollaig agus le Dearbhú Thiorána lena bhfuil na comhpháirtithe uile ailínithe.

   Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí comhleasa.

4. Meabhraítear don Chomhairle tábhacht stairiúil an chinnidh ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 aitheantas a thabhairt don pheirspictíocht Eorpach agus stádas tír is iarrthóir a thabhairt i gcás na hÚcráine agus na Moldóive. Ar an gcaoi chéanna, d'aithin an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach na Seoirsia agus dhearbhaigh sí go raibh sí faoi réir le stádas tír is iarrthóir a thabhairt a luaithe a thabharfar aghaidh ar na tosaíochtaí a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht.

5. Is san Aontas Eorpach a fheictear todhchaí na hÚcráine, na Moldóive, na Seoirsia agus a gcuid saoránach.

6. Aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí suntasacha atá léirithe ag an **Úcráin** le cúpla mí anuas chun na cuspóirí atá mar bhonn taca lena stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí athchóirithe na hÚcráine le linn na tréimhse deacra sin, agus molann sí don tír leanúint ar aghaidh ar an mbealach sin agus na coinníollacha a chomhlíonadh a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ballraíochta san Aontas amach anseo.

   An 8ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin i mí Mheán Fómhair 2022, d'aithin sí an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin go dtí anois ina próiseas athchóirithe, thug sí dá haire an plean gníomhaíochta a d'ullmhaigh an Úcráin maidir le cur chun feidhme na gcéimeanna a áirítear sa tuairim ón gCoimisiún, agus chuir sí i dtreis a thábhachtaí atá cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach.

   Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún treochlár a ullmhú ina leagfar amach na chéad chéimeanna eile chun rochtain na hÚcráine ar mhargadh aonair an Aontais a éascú, agus leas iomlán á bhaint as an gComhaontú Comhlachais agus an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála leis an Úcráin.

7. Aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh ag an **Moldóiv** chun na cuspóirí a shaothrú ar bonn taca iad dá stádas mar iarrthóir agus spreagann sí an tír leanúint lena clár oibre um athchóiriú agus na coinníollacha a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht a chomhlíonadh chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ballraíochta san Aontas amach anseo. Cuireann an Chomhairle béim ar chomhar earnálach an Aontais leis an Moldóiv agus a lánpháirtiú i margadh inmheánach an Aontais a dhoimhniú a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála idir an Mholdóiv agus an tAontas (DCFTA). Tá súil ag an gComhairle go dtionólfar an 7ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive a luaithe is féidir.

8. Aithníonn an Chomhairle na céimeanna tábhachtacha a thug an t**Seoirsia** ina próiseas athchóirithe, mar a cuireadh chun suntais freisin sa 7ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus an tSeoirsia i mí Mheán Fómhair 2022. Molann an Chomhairle don tSeoirsia leanúint de chonair na n-athchóirithe agus aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na tosaíochtaí a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht chun go dtabharfar stádas mar iarrthóir di. Cuireann an Chomhairle béim ar chomhar earnálach an Aontais leis an tSeoirsia a dhoimhniú a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála idir an tSeoirsia agus an tAontas.

9. Meabhraítear don Chomhairle gur iarradh ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a shonraítear sna tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na hiarratais ar bhallraíocht faoi seach mar chuid dá phacáiste rialta um méadú in 2023. Gan dochar don tuairisciú cuimsitheach rialta sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh in earrach 2023.

10. I gcomhréir leis na Conclúidí a d’eisigh an Chomhairle roimhe seo agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan agus an Phróisis Cobhsaíochta agus Comhlachais, arb é an creat coiteann i gcónaí é don chaidreamh leis na Balcáin Thiar, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór go mbeadh ann, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite ó 2006 i ndáil leis an méadú, coinníollacht chothrom dhian agus prionsabal na dtuillteanas dílis. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann forbairt an Aontais, lena n-áirítear acmhainneacht an Aontais baill nua a lánpháirtiú, a choinneáil ar bun agus a dhoimhniú. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an mhodheolaíocht athbhreithnithe um méadú á cur i bhfeidhm anois maidir leis na ceithre thír chaibidlíochta: Montainéagró, an tSeirbia, an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh, rud a fhágann go bhfuil an próiseas aontachais níos dírithe ar athchóirithe bunúsacha, níos intuartha agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar choinníollacht dhian, idir dhearfach agus diúltach, chomh maith le hin-aisathraitheacht. Tá sí ag tnúth le féachaint ar acmhainneacht iomlán na modheolaíochta sin, go háirithe an ‘céimniú isteach’ i mbeartais aonair an Aontais, i margadh an Aontais agus i gcláir an Aontais, cothrom na Féinne á áirithiú ag an am céanna agus í faoi réir dul chun cinn ar thosaíochtaí athchóirithe.

11. Á meabhrú di conclúidí ón gComhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2022, molann an Chomhairle an lánpháirtiú atá á dhéanamh de réir a chéile idir an tAontas Eorpach agus na comhpháirtithe agus molann sí go ndéanfaí é a chur chun cinn a thuilleadh le linn phróiseas an mhéadaithe ar bhealach in-aisathraitheach agus fiúntasbhunaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle na bearta earnálacha a rinneadh cheana féin i ndáil leis sin, i gcomhréir le modheolaíocht athbhreithnithe an mhéadaithe. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire mapáil na mbeart lánpháirtíochta atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann agus tá sí ag súil le scrúdú a dhéanamh ar thograí chun na bearta sin a chur chun feidhme a thuilleadh, go háirithe i réimsí a bhaineann leis an leas frithpháirteach.

12. Á tabhairt dá haire di staid fhoriomlán na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag na comhpháirtithe faoi láthair maidir le hathchóiriú, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór do na comhpháirtithe díriú láithreach bonn ar **athchóirithe bunúsacha** chun aghaidh a thabhairt ar roinnt easnaimh struchtúrtha leanúnacha i réimsí an smachta reachta, na gceart bunúsach lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, neartú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus i ndáil leis na critéir eacnamaíocha chomh maith. Tá cuntais fhónta leanúnacha teiste ó thaobh cur chun feidhme athchóirithe agus **torthaí inbhraite nithiúla** sna réimsí ríthábhachtacha sin bunriachtanach i gcónaí agus leanann siad de luas foriomlán na caibidlíochta aontachais a chinneadh.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur luach bunúsach é an **smacht reachta** a bhfuil an tAontas fothaithe air, gur gné ríthábhachtach é den athrú daonlathach atá mar chroíchuid de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus gurb é an príomh-thagarmharc a ndéantar measúnú air maidir le dul chun cinn i dtreo ballraíocht san Aontas. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh dul chun cinn na gcomhpháirtithe sa réimse seo stóinseach, inbhraite agus do-aisathraitheach. Cé gur díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta ag roinn comhpháirtithe sa réimse sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di go ndearbhaítear leis na heasnaimh fhoriomlána a tuairiscíodh go bhfuil agus go mbeidh sé sin fós ar cheann de na príomhdhúshláin. Baineann an easpa dul chun cinn inchreidte i gcónaí le heaspa fíorthoil pholaitiúil, le heasnaimh i bhfeidhmeanna breithiúnacha agus i neamhspleáchas, agus le héilliú forleathan agus coireacht eagraithe: is cúis mhór imní iad uile nach mór aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar ardtosaíochta. I gcomhréir leis an modheolaíocht athbhreithnithe, tá beartas i gcoinne an éillithe á phríomhshruthú trí bhéim láidir ar chaibidlí agus ar bhraislí ábhartha. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile dlús a chur lena n-iarrachtaí, go háirithe maidir le soláthar poiblí, atá ar cheann de na limistéir is leochailí ó thaobh an éillithe de.

14. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di go bhfuil formhór na n-easnamh a tuairiscíodh anuraidh i réimse chosaint na g**ceart bunúsach** fós bailí den chuid is mó, agus go bhfuil siad imithe in olcas fiú i gcásanna áirithe. Cé go bhfuil an creat beartais á chur chun feidhme de réir a chéile, go háirithe maidir le comhrac an idirdhealaithe agus an fhoréigin inscnebhunaithe, tá bearnaí sistéamacha ann go fóill. Tá géarghá le fíorbhearta inchreidte, lena n-áirítear cur chun feidhme cuí, chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Ní mór seasamh leis na dlíthe atá ann cheana go hiarbhír freisin. Is ábhar imní ar leith é na heasnaimh a bhaineann le cearta an linbh agus cearta agus cóir neamh-idirdhealaitheach na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad agus iad siúd i gcásanna leochaileacha, amhail na Romaigh, iad siúd faoi mhíchumas agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (**LGBTI**) agus daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Maidir leis an gcomhionannas inscne, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór cumhachtú agus tairbhiú iomlán chearta bunúsacha na mban agus na gcailíní a áirithiú. Tá staid **na saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse agus iolrachas na meán** – ar príomhcholúin sochaí daonlathaí iad uile – ina cúis mhór buartha i gcónaí; is beag dul chun cinn a tuairiscíodh, má tuairiscíodh an méid sin féin agus, go deimhin i gcás amháin, is cúlú tromchúiseach leanúnach atá i gceist. Ní mór aghaidh a thabhairt go diongbháilte ar bhagairtí, ar an imeaglú agus ar na hionsaithe atá dírithe ar na meáin, ar iriseoirí agus ar ghníomhaithe eile sna meáin, agus ní mór iad a imscrúdú go diongbháilte. Tá gá freisin le hiolrachas, neamhspleáchas chomhlachtaí monatóireachta na meán agus trédhearcacht chistiú na meán a áirithiú chun neamhspleáchas na meán a chosaint agus chun gríosú míchuí chun féinchinsireachta a chosc.

15. Is príomhdhúshlán ginearálta é **athchóiriú an riaracháin phoiblí**. Cé gur díol sásaimh di samplaí d'athchóirithe dearfacha, mar shampla maidir le soláthar seirbhísí digiteacha, tugann an Chomhairle dá haire an gá atá le dípholaitiú agus le cuntasacht agus gairmiúlacht a mhéadú ar gach leibhéal: gnéithe riachtanacha de rialachas freagrúil, éifeachtach agus cuntasach.

16. Is gné riachtanach de dhaonlathas dea-fheidhmiúil, agus coinníoll ríthábhachtach d'aontachas an Aontais iad **feidhmiú cuí agus neamhspleáchas na n-institiúidí daonlathacha**; is dúshlán práinneach é an méid sin go fóill d'fhormhór na gcomhpháirtithe. I dtaca le hathchóirithe inchreidte agus inbhuanaithe sa réimse seo, tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis mhór imní di, go bhfuil easpa na fíorthola polaitiúla ina príomhchúis i gcónaí leis an easpa dul chun cinn sa réimse sin. Tá deighilt pholaitiúil láidir agus easpa idirphlé traspháirtí ag cur bac nó ag baint an bhoinn d'fheidhmiú cuí na gcóras daonlathach agus na n-institiúidí. Sa bhreis ar idirphlé polaitiúil atá níos cuimsithí agus níos cuidithí, tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá forálacha lena gcuirtear ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta oibriú gan bhac agus páirt a ghlacadh i gceapadh beartas ar bhealaí cuimsitheacha fiúntacha. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an dul chun cinn sa réimse sin nasctha freisin le dul chun cinn éifeachtach i réimsí bunúsacha eile, go háirithe an smacht reachta.

17. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle anailís an Choimisiúin agus aontaíonn sí léi. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá dlús a chur le hathchóirithe struchtúracha chun téarnamh inbhuanaithe a chothú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na critéir eacnamaíocha maidir le ballraíocht san Aontas. Tá sé níos tábhachtaí fós leochaileacht i leith suaití seachtracha a laghdú agus slándáil bia agus fuinnimh a mhéadú i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá ardleibhéil bhochtaineachta fós ina bhfadhb do na comhpháirtithe uile, rud a chuireann i dtreis an gá atá le feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta agus na gcaiteachas sóisialta spriocdhírithe. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhar agus don chúnamh leanúnach, go háirithe trí fheabhas a chur ar athléimneacht chomhpháirtithe na mBalcán Thiar agus ar a rannpháirtíocht i mbearta an Aontais chun tionchar diúltach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a mhaolú, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha amhail slándáil bia agus fuinnimh agus cibearbhagairtí. Tá tábhacht ar leith ag baint le pacáiste tacaíochta fuinnimh an Aontais do na Balcáin Thiar, rud a chabhraíonn le hiarmhairtí láithreacha na géarchéime fuinnimh ar na daoine is leochailí a mhaolú agus a chuireann an t-aistriú fuinnimh agus an t-éagsúlú chun cinn ag an am céanna.

Leanann an tAontas de bheith ag seasamh le comhpháirtithe agus cuireann sé cúnamh ar fáil go háirithe dóibh siúd atá ailínithe go hiomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais.

18. Dá gcuirfí feabhas ar an iomaíochas agus ar an timpeallacht ghnó agus dá ndéanfaí an comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a dhoimhniú, chuirfí go mór le fás eacnamaíoch agus le tarraingteacht na gcomhpháirtithe mar chinn scríbe le haghaidh infheistíochtaí. Maidir le comhpháirtithe na mBalcán Thiar, tá tábhacht ar leith ag baint le bailchríoch a chur ar **Chómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar.** Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil athchóirithe i réimsí bunúsacha eile ríthábhachtach i gcónaí don téarnamh eacnamaíoch agus don fhorbairt, agus gurb é leas na ngeilleagar na hiarrachtaí an t-éilliú a ghleic, an smacht reachta agus an trédhearcacht a fheabhsú, agus na hinstitiúidí mar aon leis an idirphlé sóisialta a neartú. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá trédhearcacht iomlán na n-infheistíochtaí uile, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Chun leas a bhaint as acmhainn eacnamaíoch na gcomhpháirtithe, tá gá freisin i gcónaí le cur chun feidhme na n-athchóirithe a leagtar amach sna Cláir Athchóirithe Eacnamaíoch agus sa treoir bheartais arna glacadh go comhpháirteach le Ballstáit an Aontais. Ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun cobhsaíocht fhioscach a áirithiú agus buiséid a aistriú i dtreo struchtúir atá níos dírithe ar an bhfás, lena n-áirítear trí chur chun cinn na n-aistrithe ríthábhachtacha glasa agus digiteacha an chaipitil dhaonna.

19. Tá **an Clár Oibre Glas agus an nascacht inbhuanaithe** ríthábhachtach chun téarnamh inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir a bhaint amach, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí agus don phobal i gcoitinne araon. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ríthábhachtaí atá sé leanúint de dhul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le huaillmhianta an Aontais i ndáil leis an aeráid, dlús a chur le hailíniú le *acquis* an Aontais agus cur chun feidhme a neartú san aistriú chuig geilleagair aeráidneodracha, athléimneacha, inbhuanaithe, ciorclacha agus tíosacha ar acmhainní.

20. Ina theannta sin, molann an Chomhairle do na páirtithe na bearta a áirítear sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc an 24 Bealtaine 2022 a chur chun feidhme go hiomlán, bunaithe ar a gcuid clár athchóirithe eacnamaíoch faoi seach. Meabhraítear don Chomhairle go leanann an tAontas de bheith, go mór fada, ar an gcomhpháirtí eacnamaíoch is tábhachtaí atá ag na Balcáin Thiar agus ag an Tuirc.

21. Is gnéithe bunriachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an **comhar réigiúnach**. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá comhar réigiúnach. Tá bunú **Chómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar** — oscailte, cuimsitheach agus bunaithe ar rialacha agus caighdeáin an Aontais — ríthábhachtach i gcónaí chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an réigiúin agus as an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, agus is céim chun tosaigh é i dtreo comhtháthú breise i Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle na comhaontuithe a rinneadh le déanaí maidir leis an tSaorghluaiseacht le Cártaí Aitheantais, maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint, agus maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint do Dhochtúirí Leighis, Fiaclóirí agus Ailtirí.

22. Ní mór iarrachtaí cinntitheacha a dhéanamh i gcónaí **an t-athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach** a chothú agus, lena n-áirítear réitigh chinntitheacha a bhunú ar dhíospóidí déthaobhacha na gcomhpháirtithe agus ar imris atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail atá bunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais, chomh maith le réitigh ar na cásanna de dhaoine ar iarraidh atá fós gan réiteach agus ar imris a bhaineann le coireanna cogaidh, agus na réitigh sin a chur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach nglacfar ar chor ar bith le séanadh cinedhíothaithe, le roscaireacht ghríosaitheach ná le glóiriú coirpeach cogaidh ó thaobh ar bith. Ní mór ráitis agus gníomhaíochtaí a sheachaint a mbeadh tionchar diúltach acu ar an dea-chaidreamh comharsanachta agus ar an réiteach síochánta ar dhíospóidí. Maidir leis na comhaontuithe déthaobhacha arb ann dóibh cheana, lena n-áirítear comhaontú Prespa idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Ghréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-chomharsanacht agus Comhar idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Bhulgáir, is gá iad a chur chun feidhme de mheon macánta.

23. I bhfianaise na réaltachta geopholaitiúla nua tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an comhar maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach a dhoimhniú a thuilleadh agus ionchais an Aontais maidir le hailíniú comhpháirtithe le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, ar príomhghné de phróiseas lánpháirtithe an Aontais é, agus ar léiriú láidir ar rogha straitéiseach agus ar áit an chomhpháirtí i bpobal luachanna. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir le saincheisteanna a bhfuil comhleasanna móra ag baint leo, amhail bearta sriantacha ag an bpointe criticiúil geopholaitiúil seo. Is díol sásaimh don Chomhairle, dá bhrí sin, agus molann sí formhór na gcomhpháirtithe as a n-ailíniú buanseasmhach, agus iarrann sí orthu siúd nach bhfuil sé sin déanta acu go fóill feabhas cinntitheach a chur ar a n-ailíniú, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha, agus gníomhaíochtaí a sheachaint a théann i gcoinne an chuspóra shonraithe atá acu teacht isteach san Aontas. Tá sé fíorthábhachtach cosc a chur ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Tá **bagairtí hibrideacha** tar éis éirí níos tromchúisí ó thosaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí cúblála faisnéise, lena n-áirítear bréagaisnéis, dúshlán inchreidteacht an Aontais a thabhairt, an bonn a bhaint den mhuinín atá ag an bpobal as institiúidí daonlathacha, chomh maith le scoilteadh agus deighiltí eitneacha a dhoimhniú. Meabhraítear don Chomhairle an comhar méadaitheach atá aici le comhpháirtithe chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, go háirithe maidir leis an gcibear-athléimneacht agus an chibearshlándáil, lena n-áirítear bonneagar criticiúil agus slándáil bia agus fuinnimh a chosaint. Leanfaidh an tAontas den chomhar sin agus den tacaíocht a thugann sé do chomhpháirtithe a dhoimhniú. Ós amhlaidh atá, tá ríthábhacht i gcónaí leis an g**cumarsáid straitéiseach** agus leis an gcur i gcoinne ionramháil ar fhaisnéis. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe ar fad na buntáistí agus na hoibleagáidí a bhaineann lena gconair i dtreo an Aontais a chur in iúl go soiléir, chomh maith lena dtiomantas féin do luachanna an Aontais agus d'athchóirithe riachtanacha gaolmhara.

24. Is bagairtí tromchúiseacha fós ar an tslándáil san Aontas agus i gcás na comhpháirtithe go léir iad an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an choireacht eagraithe. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhar maidir leis an **bhfrithsceimhlitheoireacht** agus an comhar sin a neartú a thuilleadh, go háirithe maidir le gach cineál radacaithe a chosc agus a chomhrac — bíodh sin de chineál reiligiúnach, an náisiúnachais eitnigh nó polaitiúil — cásanna ina bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí. Agus roinnt torthaí dearfacha á dtabhairt dá haire aici, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil gá fós le hiarrachtaí breise agus le cuntas fónta teiste maidir le ciontuithe deiridh agus urghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla i g**comhrac na coireachta eagraithe**. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá ann go ndéanfaidh na comhpháirtithe uile gníomhaíocht dhaingean láithreach chun an choireacht a chomhrac agus chun deireadh a chur leis **an éilliú**, ós rud é go méadaíonn an easpa torthaí suntasacha ar an mórgóir an baol go dtarlóidh dul ar gcúl agus go gcothaítear saoirse ó phionós agus neamhionannas freisin. Aon bheart a d'fhéadfadh an t-ailíniú le *acquis* agus beartais an Aontais a chur i mbaol nó an bonn a bhaint de, lena n-áirítear nósanna imeachta agus bearta de chuid an Aontais atá dírithe ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, ba cheart é a fhoirceannadh gan mhoill.

25. Tá an **imirce neamhrialta** fós ina príomhdhúshlán agus is tosaíochtaí tábhachtacha i gcónaí iad smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Tá gá i gcónaí le comhar agus comhordú marthanach leis na comhpháirtithe feadh bhealach na mBalcán Thiar, chomh maith le cur chun feidhme iomlán agus neamh-idirdhealaitheach an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Molann an Chomhairle comhpháirtithe na mBalcán Thiar as an gcomhar cuiditheach i gcoitinne agus as na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann siad agus an Tuirc as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun pobal mór dídeanaithe a óstáil. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh comhpháirtithe a mbeartais víosaí a chomhchuibhiú le beartas víosaí an Aontais, agus go ndéanfaí iad a ailíniú go práinneach le liosta an Aontais de thríú tíortha a bhfuil víosa de dhíth lena n-aghaidh.

26. Meabhraítear don Chomhairle an **cúnamh substaintiúil leanúnach airgeadais agus teicniúil ón Aontas** do Phróiseas an Mhéadaithe agus don Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA). Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá na huirlisí atá ann cheana chun institiúidí a thógáil amhail Nascadh agus TAIEX chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do riaracháin phoiblí na gcomhpháirtithe uile.

## <u>MÉADÚ</u>

### MONTAINÉAGRÓ

27. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus gach 33 chaibidil oscailte, agus 3 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Is é an tosaíocht i gcónaí le haghaidh tuilleadh dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais, agus sula leantar ar aghaidh i dtreo caibidlí eile a dhúnadh go sealadach, **na tagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta a leagtar amach faoi chaibidlí 23 agus 24 a chomhlíonadh.** Mar a leagtar amach sa chreat caibidlíochta, tá dul chun cinn maidir leis na caibidlí sin bunriachtanach agus leanfaidh luas foriomlán na caibidlíochta aontachais de bheith ag brath ar an dul chun cinn sin.

    Is cúis imní don Chomhairle an luaineacht pholaitiúil agus an éagobhsaíocht rialtais is cúis le moilliú ar an gcaibidlíocht aontachais. Is cúis imní don Chomhairle cinneadh na Parlaiminte sainchumais an Uachtaráin a leasú trí reachtaíocht a ghlacadh faoin nós imeachta práinne agus cuireann sí i dtreis nach mór do gach gníomh reachtach a bheith i gcomhréir leis an mbunreacht. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile i Montainéagró freagracht a léiriú, an polarú a shárú agus iarrann sí orthu staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh an ghéarchéim institiúideach a dhoimhniú a thuilleadh agus an bonn a bhaint d'institiúidí daonlathacha na tíre. Ba cheart do gheallsealbhóirí polaitiúla Mhontainéagró comhthoil a fhorbairt chun feidhmiúlacht na n-institiúidí daonlathacha agus an riaracháin is gá a athbhunú chun príomhchuspóir dearbhaithe Mhontainéagró maidir le lánpháirtiú an Aontais a bhaint amach. Ar na hathchóirithe is tábhachtaí agus is práinní nach mór do Mhontainéagró tabhairt fúthu, sainaithníonn an Chomhairle an méid seo a leanas.

28. Meabhraítear don Chomhairle a phráinní atá sé feidhmiú agus inchreidteacht na bpríomhchomhlachtaí breithiúnacha a athbhunú, go háirithe ceapacháin chuig an gCúirt Bhunreachtúil ar feitheamh, agus aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme marbhánta na bpríomh-athchóirithe breithiúnacha. Ní mór neamhspleáchas na bpríomhinstitiúidí, go háirithe na breithiúna, a neartú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil athchóiriú toghchánach i gcomhréir le moltaí ODIHR ríthábhachtach i gcónaí chun an creat daonlathach a neartú. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró a chuid iarrachtaí a mhéadú, go háirithe i réimsí ríthábhachtacha amhail a**n tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán**, agus **comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe**. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta, cuireann sí i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar chuntas teiste Mhontainéagró maidir le himscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh agus sócmhainní coiriúla a urghabháil agus a choigistiú.

Iarrann an Chomhairle freisin ar Mhontainéagró deireadh a chur gan mhoill le haon scéim nó beart a d'fhéadfadh an t-ailíniú le *acquis* agus beartais an Aontais a chur i mbaol nó an bonn a bhaint díobh.

29. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire fás láidir leanúnach an gheilleagair agus na cláir uaillmhianacha um athchóiriú fioscach lena ndírítear ar thacú le téarnamh iar-phaindéimeach agus bearta eile lena maolaítear an t-ualach ar theaghlaigh ó phraghsanna méadaitheacha fuinnimh agus bia. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme, an fiachas poiblí a laghdú agus leanúint dá iarrachtaí an rialachas fioscach agus an trédhearcacht a neartú.

30. Is mór ag an gComhairle tiomantas cuiditheach leanúnach Mhontainéagró maidir leis **an gcomhar réigiúnach** a fhorbairt a thuilleadh agus **an dea-chaidreamh comharsanachta** a chur chun cinn.

31. Molann an Chomhairle Montainéagró go láidir as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus go háirithe a ailíniú iomlán buanseasmhach le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar comhartha láidir é go bhfuil Montainéagró tiomanta go straitéiseach dá chonair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

**AN tSEIRBIA**

32. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn foriomlán** a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus 22 chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach faoin am seo. Mar sin féin, ní mór dlús a chur arís leis na hathchóirithe i réimse an smachta reachta agus na gceart bunúsach. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir i gcónaí go bhfuil dul chun cinn san réimsí sin, chomh maith le normalú chaidreamh na Seirbia leis an gCosaiv mar a leagtar amach sa chreat caibidlíochta iad, ríthábhachtach i gcónaí agus gurb iad na nithe sin a chinnfidh luas foriomlán na caibidlíochta aontachais.

33. Cé gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Rialtas nua na Seirbia lánpháirtiú leis an Aontas mar sprioc straitéiseach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór go dtarlódh gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. Go háirithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá an Chomhairle ag súil go léireoidh an tSeirbia tiomantas aonchiallach don Aontas agus go seasfaidh sí lenár gcomhphrionsabail agus lenár gcomhluachanna. Iarrann an Chomhairle ar údaráis na Seirbia freisin cumarsáid a dhéanamh go hoibiachtúil agus gan débhrí maidir leis an Aontas, agus páirt ghníomhach a ghlacadh chun dul i ngleic le agus chun cosc a chur ar gach cineál bréagaisnéise agus cúblála faisnéise ón iasacht ar chainéil uile na meán.

34. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta ag an tSeirbia maidir leis an smacht reachta i réimsí áirithe, tugann sí dá haire chomh maith céanna an dul chun cinn foriomlán atá déanta, más teoranta féin é, mar aon leis an moill atá á cur ar chúrsaí i gcaitheamh an ama i dtacar réimsí eile. Molann an Chomhairle don tSeirbia toil pholaitiúil a léiriú chun dlús breise a chur leis na hathchóirithe agus chun torthaí nithiúla inbhraite a bhaint amach sna **réimsí bunúsacha**. Aithníonn an Chomhairle an méid seo a leanas mar na hathchóirithe is tábhachtaí agus is práinní nach mór don tSeirbia tabhairt fúthu.

35. Ba cheart don tSeirbia díriú ar na tagarmharcanna eatramhacha atá i gcaibidlí 23 agus 24 a bhaint amach, lena n-áirítear trí na pleananna gníomhaíochta athbhreithnithe atá sna caibidlí sin a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle gur formheasadh go rathúil na leasuithe bunreachtúla arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá an cur chun feidhme leanúnach. Ina theannta sin, ní mór neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fhoriomlán na mbreithiúna a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá don tSeirbia toil pholaitiúil a léiriú agus dlús a chur lena hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne an éillithe. Caithfidh an tSeirbia torthaí inbhraite a bhaint amach chomh maith le cuntas teiste inchreidte lena ngabhfaidh imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha, reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla, go háirithe i ndáil le cásanna coireachta tromchúisí agus eagraithe.

36. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia a plean gníomhaíochta don straitéis do na meáin a chur chun feidhme go héifeachtach mar ábhar tosaíochta, agus ábhar agus meon chuspóirí na straitéise do na meáin á n-urramú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di an easpa dul chun cinn maidir leis an timpeallacht fhoriomlán a fheabhsú don **tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do neamhspleáchas na meán, agus an tionchar a imríonn** sí sin ar na féidearthachtaí a bheadh ag vótálaithe roghanna toghcháin láneolacha a dhéanamh, agus iarrann sí ar an tSeirbia díriú ar na buarthaí móra sin a shuaimhniú mar ábhar práinne.

37. Ní mór don tSeirbia leanúint d’aird ar leith a thabhairt ar urramú iomlán na g**ceart bunúsach**, lena n-áirítear cosaint na ngrúpaí is leochailí, agus ar an gcaoi a gcaitear go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar de mhionlaigh iad ar fud na Seirbia. Tá gá fós le feabhsuithe nithiúla i bhfeidhmiú éifeachtach na gceart atá ag daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad, go háirithe i réimsí an oideachais, na húsáide teangacha mionlaigh, na rochtana ar sheirbhísí meán agus na seirbhísí reiligiúnacha i mionteangacha. Is tosaíocht i gcónaí é leanúint d’imscrúduithe agus de chiontuithe i gcoireanna fuathspreagtha a shaothrú go gníomhach. Ní mór cearta daoine LGBTI, lena n-áirítear a gceart chun saoirse comhthionóil agus cainte, a chumhdach a thuilleadh freisin, mar a léirigh an dóigh ar láimhseáil údaráis na Seirbia EuroPride 2022. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tharla an t-imeacht ar deireadh agus nár tharla aon mhóreachtraí.

38. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór a áirithiú **go bhfeidhmeoidh na hinstitiúidí daonlathacha** mar is ceart. Tugann an Chomhairle dá haire gur thug an tSeirbia aghaidh ar roinnt moltaí seanbhunaithe ó ESCE/ODIHR roimh na toghcháin uachtaránachta agus na luath-thoghcháin pharlaiminteacha a reáchtáladh in 2022, agus is díol sásaimh di gur ghlac na dreamanna polaitiúla go léir páirt sna toghcháin. Tugann an Chomhairle dá haire go dearfach gur urramaíodh saoirsí bunúsacha den chuid is mó le linn an fheachtais, ach tugann sí dá haire na dálaí éagothroma d’iomaitheoirí. Iarrann an Chomhairle ar rialtas nua na Seirbia gníomhaíocht ghasta dhiongbháilte a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe ar cuireadh moill orthu mar gheall ar an bpróiseas fada toghcháin.

39. Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar a thábhachtaí atá comhar réigiúnach fóinteach i ndáil le cásanna de **choireanna cogaidh** a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta, a gcás siúd atá ar iarraidh a réiteach agus lánchomhar a thabhairt don Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla, lena n-áirítear trí ghlacadh go hiomlán le rialuithe agus cinntí an tSásra sin agus trína gcur chun feidhme ina n-iomláine, mar ábhar práinne. Níor cheart aon tacaíocht ná aon spás poiblí a bheith ann do choirpigh chogaidh chiontaithe ná d'adhmholadh ná diúltú na gcoireanna a dhéanann siad.

40. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is díol sásaimh di an dul chun cinn leanúnach atá déanta chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Molann an Chomhairle don tSeirbia dlús a chur leis na hathchóirithe struchtúracha ar an riarachán poiblí agus ar fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit in earnáil an fhuinnimh. Admhaíonn an Chomhairle gur choimeád an tSeirbia a leibhéal ullmhachta i gcás na dtagarmharcanna tosaigh i mbraisle 3 (Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach) agus leanfaidh sí lena measúnú ina leith.

41. Agus aird dhearfach á tabhairt aici ar thacaíocht na Seirbia do rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chomh maith le céimeanna ábhartha eile, is oth leis an gComhairle go bhfuil an tSeirbia ag dul ar gcúl ó thaobh bheith i gcomhréir le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, go háirithe an neamhailíniú le smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, chomh maith lena gníomhaíochtaí beartais eachtraigh atá ag teacht salach ar chur chuige coiteann an Aontais. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sí ag súil go mór go ndéanfaidh an tSeirbia an gealltanas a rinne sí sa Chreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, agus go gcuirfidh sí dlús lena ailíniú le seasaimh agus le bearta sriantacha Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais mar ábhar fíorthosaíochta. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus rannchuidiú tábhachtach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

42. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don tSeirbia ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le beartas víosaí an Aontais faoi mar a gheall sí. Cé gur díol sásaimh iad na céimeanna dearfacha a thug an tSeirbia chun a gealltanas a chomhlíonadh, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha sa réimse sin, go háirithe maidir le tríú tíortha a bhfuil baol imirce neamhrialta nó baol slándála don Aontas ag baint leo.

43. Maidir leis an **idirphlé** arna éascú ag an Aontas, is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuiltear ag leanúint den idirphlé, agus molann sí an tArdionadaí agus Ionadaí Speisialta an Aontais as an idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus as an idirphlé maidir le saincheisteanna réigiúnacha sna mBalcáin Thiar agus as a dtiomantas ina leith. Tá sé á fheiceáil don Chomhairle go nglacfaidh an tSeirbia páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an gCosaiv a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sé sin ríthábhachtach ionas gur féidir leis an tSeirbia agus leis an gCosaiv dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí Eorpacha faoi seach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil go láidir go ndéanfar na comhaontuithe uile a rinneadh san am a chuaigh thart a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill, agus go mbeidh na Páirtithe rannpháirteach ar bhealach cuiditheach chun a ndíospóidí déthaobhacha uile a réiteach. Iarrann an Chomhairle ar an dá Pháirtí staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a theacht astu agus ó reitric nach n-oireann don idirphlé. Meabhraíonn an Chomhairle don dá Pháirtí gur freagracht chomhroinnte orthu é an tsíocháin agus an chobhsaíocht a áirithiú.

44. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chloígh an tSeirbia lena gealltanas maidir le roinnt tionscnaimh **chomhair réigiúnacha** agus molann sí don tSeirbia an **dea-chaidreamh comharsanachta** a neartú a thuilleadh, agus cur leis an gcobhsaíocht agus le hathmhuintearas leis na comhpháirtithe go léir sa réigiún.

**AN TUIRC**

45. Thug an Chomhairle Eorpach, a bhí ar siúl an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, dá haire gurb é leas straitéiseach an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc. Ní mór an lasóg a bhaint den bharrach sa Mheánmhuir Thoir. Tá an tAontas réidh i gcónaí teagmháil a dhéanamh leis an Tuirc ar bhealach céimnithe, comhréireach agus in-aisathraitheach i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir coinníollachtaí seanbhunaithe arna leagan amach ag na Comhaltaí den Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2021, agus i gconclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo.

I bhfianaise an mhéadaithe a tháinig ar an teannas le déanaí, meabhraítear don Chomhairle gur chuir an Chomhairle Eorpach in iúl an 23 agus an 24 Meitheamh 2022 gur cúis mhór imní di na gníomhaíochtaí agus na ráitis a rinne an Tuirc arís agus arís eile, agus dúirt sí freisin nach mór don Tuirc ceannasacht agus sláine chríochach Bhallstáit uile an Aontais a urramú. Á mheabhrú don Chomhairle Eorpach a conclúidí roimhe seo agus an ráiteas uaithi an 25 Márta 2021, tá sí ag súil go dtabharfaidh an Tuirc lán-urraim don dlí idirnáisiúnta, an lasair a bhaint den bharrach teannais ar mhaithe leis an gcobhsaíocht réigiúnach sa Mheánmhuir Thoir, agus dea-chaidreamh idir comharsana a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.

46. Agus na conclúidí bainteacha go léir a tháinig ón gComhairle Eorpach á gcur san áireamh, tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí d'idirphlé oscailte neamhbhalbh a chothabháil, d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus don chomhar i réimsí ríthábhachtacha comhleasa, an imirce, an ghníomhaíocht frithsceimhlitheoireachta, an tsláinte phoiblí, an aeráid agus saincheisteanna réigiúnacha mar shampla. Tugann an Chomhairle dá haire gur leanadh de na hIdirphléití Ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc maidir le roinnt de na saincheisteanna sin.

47. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh aici i gcónaí beagnach 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus freastal ar a gcuid riachtanas. Áirithíodh cúnamh leanúnach an Aontais do dhídeanaithe agus do phobail óstacha in am trátha. Tá torthaí leanúnacha ar an **Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc** in 2016. Meabhraítear don Chomhairle gur iarr an Chomhairle Eorpach an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 ar an Tuirc a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, lena n-áirítear i leith Phoblacht na Cipire. Is tosaíochtaí i gcónaí iad bainistiú éifeachtach teorann, imircigh neamhrialta a chosc, chomh maith le filleadh a atosú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais. Tá sé ríthábhachtach an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine agus go héifeachtach mar aon le comhar a dhéanamh le Ballstáit uile an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Tuirc ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le beartas víosaí an Aontais.

48. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di an dul ar gcúl breise, ar cúis mhór imní í, i réimsí **an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach**.

Is ábhar mór imní í an easpa shistéamach neamhspleáchais ná an brú míchuí ar na breithiúna, chomh maith leis na srianta, coinneáil, príosúnacht agus bearta eile atá ar bun go leanúnach agus atá dírithe ar iriseoirí, ar lucht léinn, ar chomhaltaí páirtithe polaitiúla lena n-áirítear comhaltaí parlaiminte, dlíodóirí, cosantóirí chearta an duine, úsáideoirí na meán sóisialta agus grúpaí eile a bhfuil a gcearta agus a saoirsí bunúsacha á bhfeidhmiú acu. Is cúis imní don Chomhairle go bhféadfadh an Dlí Bréagaisnéise a glacadh le déanaí srian breise a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse na meán neamhspleách sa Tuirc.

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí dlíthiúlacht agus sláine an phróisis toghcháin, go háirithe i bhfianaise líon mór na ngabhálacha, na ndífhostuithe agus na n-ionadúchán méaraí bardasacha a toghadh go daonlathach, agus an spriocdhírithe a dhéantar ar pháirtithe freasúra agus a gcomhaltaí.

Iarrann an Chomhairle an athuair ar an Tuirc na treochtaí diúltacha sna réimsí sin go léir a aisiompú go práinneach, agus aghaidh a thabhairt go hinchreidte ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta na Tuirce.

Ba cheart don Tuirc freisin dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar a bpríomh-mholtaí, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ionstraimí idirnáisiúnta eile chearta an duine a bhfuil an Tuirc ina páirtí iontu a chur chun feidhme ina n-iomláine agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Mar gheall ar mhainneachtain leanúnach na Tuirce rialuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme, ardaítear ceisteanna tromchúiseacha faoi ghealltanais na Tuirce maidir leis an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha, agus maidir lena oibleagáidí idirnáisiúnta.

49. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire na hábhair imní thromchúiseacha atá fós ann maidir le feidhmiú gheilleagar margaidh na tíre. Baineadh an bonn d’inchreidteacht agus d’éifeachtacht ghníomhaíochtaí na n-údarás, agus tháinig méadú suntasach ar mhíchothromaíochtaí mar thoradh ar laigí i gcomhordú institiúideach agus beartais, rud a d’fhág go raibh éagobhsaíocht sa mhargadh airgeadais, méadú ar an mboilsciú, lagú ar an lira agus leibhéal bochtaineachta níos airde. Tá tábhacht ar leith ag baint le neamhspleáchas na n-údarás rialála, go sonrach an Banc Ceannais.

Meabhraítear don Chomhairle freisin gur gá don Tuirc aghaidh a thabhairt ar na hoibleagáidí maidir leis an **Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc** a chur chun feidhme, lena n-áirithítear go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach é maidir leis na Ballstáit uile. Is oth leis an gComhairle go bhfuil an Tuirc ag tabhairt droim láimhe i gcónaí agus go forleathan dá hoibleagáidí faoin Aontas Custaim idir an tAontas agus an Tuirc, agus meabhraítear di gur cheart deireadh a chur le bacainní trádála nó a gcomhionann nach bhfuil i gcomhréir leis gan mhoill.

50. Molann an Chomhairle an Tuirc as a ról cuiditheach maidir le honnmhairiú gráin na hÚcráine a éascú.

51. Is oth leis an gComhairle, áfach, nach bhfuil an Tuirc teacht le smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sí ag súil go gcuirfidh an Tuirc dlús lena hailíniú le seasaimh **Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais** agus le bearta sriantacha mar ábhar fíorthosaíochta. Cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil sé fíorthábhachtach cosc a chur ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I ndáil leis sin, tá an Chomhairle ag súil go n-urramóidh an Tuirc go hiomlán na bearta sriantacha sin, go háirithe agus saorchúrsaíocht táirgí, lena n-áirítear earraí dé-úsáide, á cur san áireamh, laistigh den Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di gur minice a bhíonn beartas eachtrach na Tuirce ag teacht salach ar thosaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear maidir leis an tSiria, an Libia agus Oibríocht IRINI. I gcomhréir leis an leas coiteann atá ag an Aontas agus ag an Tuirc go mbeadh idir shíocháin agus chobhsaíocht ina réigiún, tá an Chomhairle ag súil go rannchuideoidh an Tuirc agus gach gníomhaí eile go dearfach chun géarchéimeanna sa réigiún a réiteach.

Meabhraíonn an Chomhairle di a seasamh maidir le haontachas Ballstát le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

52. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas aonchiallach i ndáil leis an **dea-chaidreamh comharsanachta**, comhaontuithe idirnáisiúnta agus réiteach síochánta díospóidí, agus í ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá.

Mar a luadh sna conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2006, an 26 Meitheamh 2018 agus an 18 Meitheamh 2019, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach ina dhiaidh sin, mar aon le Dearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, iarrann an Chomhairle ar an Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais i leith gach uile Ballstáit. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur den bhunriachtanas é aitheantas na mBallstát ar fad. Ní mór don Tuirc gach bagairt agus gníomhaíocht a dhéanfadh dochar don dea-chaidreamh comharsanachta a stopadh, a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht gach Ballstáit de chuid an Aontais ar a bhfarraigí críochacha agus ar a n-aerspás a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, lena n-áirítear *inter alia* an ceart chun a n-acmhainní nádúrtha a thaiscéaladh agus a shaothrú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

53. Á mheabhrú dó conclúidí ón gComhairle a cuireadh amach roimhe seo, tá an tAontas tiomanta i gcónaí do réiteach cuimsitheach a fháil ar **fhadhb na Cipire**. Meabhraítear dó go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí, maidir leis sin, go bhfuil an Tuirc tiomanta do réiteach síochánta agus go rannchuidíonn sí leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis, faoi chuimsiú chreat na Náisiún Aontaithe, ar bhonn cónaidhm débhardasach déchriosach ina bhfuil comhionannas polaitiúil, i gcomhréir leis na rúin ábhartha go léir ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe agus leis an *acquis*. Leanfaidh an tAontas de ról gníomhach a bheith aige de thaca leis an bpróiseas sin. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc staonadh ó ghníomhaíochtaí a thagann salach ar Rún 541 agus Rún 550 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Cáineann an Chomhairle gníomhaíochtaí leanúnacha aontaobhacha na Tuirce i ndáil le **Varosha** – gníomhaíochtaí atá contrártha do rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe – agus meabhraítear di a thábhachtaí atá stádas Varosha agus an gá atá le rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú go hiomlán, go háirithe Rúin 550, 789 agus 1251. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na gníomhaíochtaí sin a aisiompú láithreach bonn agus go n-aisiompófaí na céimeanna uile a tugadh maidir le Varosha ó mhí Dheireadh Fómhair 2020. Meabhraítear don Chomhairle, i ndáil leis an méid sin, na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021.

54. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi go bhfuil an Tuirc fós ag bogadh níos faide ón Aontas Eorpach, agus meabhraítear di an chonclúid a thug sí roimhe seo inar tugadh ar aird nach bhfuil siúl ar bith i ndáiríre ar chaibidlíocht aontachais na Tuirce faoi láthair agus nach féidir smaoineamh faoi aon chaibidlí eile a oscailt ná a dhúnadh.

**AN MHACADÓIN THUAIDH**

55. Á mheabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 18 Iúil 2022, is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an chéad chomhdháil idir-rialtasach leis an Macadóin Thuaidh an 19 Iúil 2022: aitheantas soiléir ar an dul chun cinn atá déanta ag an Macadóin Thuaidh maidir le clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn agus maidir le torthaí nithiúla marthanacha a bhaint amach.

56. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an Coimisiún tar éis dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun scrúdú anailíseach a dhéanamh ar *acquis* an Aontais (**scagadh**) agus tá sí ag tnúth leis an bpróiseas sin a thabhairt chun críche.

57. Tar éis na dtoghchán áitiúil a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2021, meabhraítear don Chomhairle gur gá athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an **reachtaíocht toghcháin** agus a thábhachtaí atá sé do na húdaráis leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na moltaí atá fós gan réiteach ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise.

58. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh roinnt dul chun cinn i réimse na m**bunphrionsabal** agus go háirithe i réimse an **smachta reachta**, lena n-áirítear comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, ach go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin tiomantas an rialtais leanúint de chur chun feidhme athchóirithe a bhaineann leis an Aontas agus dlús a chur leo. Is próiseas fadtéarmach í inbhuaine na n-athchóirithe struchtúracha sin, a éilíonn rannpháirtíocht leanúnach ón rialtas agus ón bhfreasúra araon. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle do na páirtithe uile sa pharlaimint leanúint den obair le chéile ar bhealach cuiditheach agus comhdhearcadh traspháirtí a fhorbairt lena ndíreofar ar chéimeanna nithiúla a dhéanamh sa phróiseas caibidlíochta agus ar mhóiminteam reatha an athchóirithe a choinneáil. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá trédhearcacht a áirithiú i gceapadh beartas, cuimsitheacht na bpróiseas comhairliúcháin agus cumarsáid éifeachtach maidir leis an bpróiseas caibidlíochta.

59. I réimse **na mbreithiúna**, is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh dul chun cinn áirithe i ngeall ar chur chun feidhme seasta straitéis maidir le hathchóiriú ar an mbreithiúnacht athchóirithe na mbreithiúna. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun neamhspleáchas, gairmiúlacht agus neamhchlaontacht an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh i gcomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá cur chun feidhme córasach an phlean gníomhaíochta nuashonraithe maidir le straitéis athchóirithe na mbreithiúna a áirithiú agus dlús a chur le cur chun feidhme na straitéisí acmhainní daonna do na breithiúna agus na hionchúisitheoirí. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé do na hinstitiúidí lena mbaineann obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón gCoimisiún Stáit um Éilliú a Chosc, ar moltaí iad a lean ar aghaidh go réamhghníomhach lena cuid oibre agus a d’oscail roinnt cásanna, lena n-áirítear i gcoinne oifigigh ardleibhéil.

Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh leanúint dá hiarrachtaí **cearta bunúsacha, saoirse na meán agus saoirse cainte** a neartú a thuilleadh.

60. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh dul chun cinn teoranta i réimse **an athchóirithe ar an riarachán poiblí**. Tá sé bunriachtanach i gcónaí go n-áiritheofar an urraim do phrionsabail na trédhearcachta, an fhiúntais agus na hionadaíochta cothroime.

61. Tá athchóiriú cuimsitheach curtha chun feidhme ag an tír ar a **seirbhísí faisnéise agus slándála**. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór acmhainneacht na maoirseachta parlaimintí ar na seirbhísí faisnéise a neartú.

62. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh gníomhach agus cuiditheach i gcónaí maidir le sreabha **imirce** measctha a bhainistiú trí chomhar éifeachtach a dhéanamh le tíortha comharsanachta agus le Ballstáit an Aontais. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Mhacadóin Thuaidh ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le beartas víosaí an Aontais faoi mar a gheall sí.

Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh Comhaontú Stádais Frontex maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach idir an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh.

63. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, molann an Chomhairle don Mhacadóin Thuaidh leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun riachtanais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh a thuilleadh agus chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas.

64. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil daonáireamh 2021 curtha i gcrích anois agus tugann sí dá haire na torthaí.

65. Is gnéithe bunriachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an **comhar réigiúnach**. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh um Dhea-Chaidreamh Comharsanachta leis an mBulgáir.

66. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh go láidir as an gcomhar comhsheasmhach a bhíonn á dhéanamh aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus go háirithe a hailíniú iomlán le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, lena n-áirítear i ndáil le bearta sriantacha an Aontais – comhartha láidir go bhfuil an Mhacadóin Thuaidh tiomanta don Aontas. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na Macadóine Thuaidh i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

**AN ALBÁIN**

67. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an chéad chomhdháil idir-rialtasach leis an Albáin an 19 Iúil 2022: aitheantas soiléir a thabhairt don dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn agus maidir le torthaí nithiúla, marthanacha athchóirithe a bhaint amach.

68. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an Coimisiún tar éis dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bpróiseas chun scrúdú anailíseach a dhéanamh ar *acquis* an Aontais (**scagadh**) agus tá an Chomhairle ag tnúth leis an bpróiseas sin a thabhairt chun críche.

69. Tar éis na **dtoghchán** parlaiminteach i mí Aibreáin 2021, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go leanfadh na húdaráis d'aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme na moltaí ESCE/ODIHR atá fós gan réiteach. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil idirphlé polaitiúil cuimsitheach cuiditheach sa tír ríthábhachtach i gcónaí chun móiminteam an athchóirithe a chur chun cinn a thuilleadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá trédhearcacht a áirithiú i gceapadh beartas, cuimsitheacht na bpróiseas comhairliúcháin agus cumarsáid éifeachtach maidir leis an bpróiseas caibidlíochta.

70. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinne an Albáin i réimse na m**bunphrionsabal**, go háirithe i réimse an **smachta reachta**, go sonrach trí athchóiriú cuimsitheach an cheartais a chur chun feidhme, a bhfuil dul chun cinn leanúnach déanta ina leith, agus trí chomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe a neartú. Leis an Struchtúr Speisialaithe um Fhrith-Éilliú agus um Choireacht Eagraithe, tugadh roinnt cinntí críochnaitheacha tábhachtacha ar ardoifigigh stáit. Ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cuntas teiste láidir a bhunú i gcomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, lena n-áirítear ar ardleibhéal. Tá cur chun feidhme fíorasc deiridh cúirte bunriachtanach i gcónaí. Ní mór an plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais a chur chun feidhme a thuilleadh.

Iarrann an Chomhairle ar an Albáin staonadh ó scéim a bhunú nó ó aon bheart ar nós reachtaíocht maidir le pardún cánach a d'fhéadfadh an t-ailíniú le *acquis* agus beartais an Aontais a chur i mbaol nó an bonn a bhaint de, lena n-áirítear nósanna imeachta agus bearta an Aontais arb é is aidhm dóibh sciúradh airgid agus imghabháil cánach a chosc.

71. Is díol sásaimh don Chomhairle gur lean an próiseas **grinnfhiosrúcháin** de bheith ag dul chun cinn go seasta agus torthaí nithiúla a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle an vóta forleathan idir na páirtithe maidir le síneadh ama a chur le sainordú bunreachtúil na gcomhlachtaí grinnfhiosrúcháin agus molann sí do na húdaráis a áirithiú go dtabharfar an próiseas chun críche ar bhealach ordúil a luaithe is féidir. Is díol sásaimh don Chomhairle feidhmiúlacht athchóirithe na hArd-Chúirte agus na Cúirte Bunreachtúla.

72. Maidir le **cearta bunúsacha**, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe leanúnacha chun athchóiriú cuimsitheach ar earnáil na talún a chur chun feidhme agus chun cearta maoine a chomhdhlúthú ar bhealach trédhearcach lena n-áirítear trí chomhairliúcháin a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar chásanna a bhaineann le falsú doiciméad agus an próiseas clárúcháin agus cúitimh a chur chun cinn go pras. Tar éis an Dlí Daonáirimh a ghlacadh, tá an Chomhairle ag tnúth lena chur i bhfeidhm rianúil ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur glacadh an reachtaíocht thánaisteach maidir le mionlaigh agus leanann sí de bheith ag tathant ar an Albáin na fodhlíthe atá fágtha a bhaineann le creatdlí 2017 maidir le mionlaigh náisiúnta a chosaint a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile.

Thairis sin, iarrann an Chomhairle i gcónaí ar an Albáin dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir leis an t**saoirse chun tuairimí a nochtadh**. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh aon leasuithe ar dhlí na meán i gcomhréir le moltaí ó Choimisiún na Veinéise agus le caighdeáin idirnáisiúnta, i gcás ina ndéanfadh an Pharlaimint an dlí a bhreithniú a thuilleadh.

73. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh dul chun cinn teoranta in athchóiriú an **riaracháin phoiblí**, agus molann sí don Albáin leanúint go diongbháilte de na hiarrachtaí sa réimse sin. Is gá feabhas a chur ar chomhordú laistigh den riarachán poiblí, go háirithe chun na próisis pleanála beartais agus buiséadaithe a chomhtháthú. Ní mór próiseas cuimsitheach a bheith i gceist le gníomhaireachtaí nua a chur ar bun, agus ba cheart iad sin a bheith faoi réir seiceálacha agus ceartúcháin.

74. Maidir leis an **imirce**, tá creat dlíthiúil na hAlbáine ailínithe den chuid is mó le *acquis* an Aontais ach ní mór é a thabhairt cothrom le dáta. Tháinig méadú suntasach ar líon iomlán na n-iarratas ar thearmann gan bhunús a chuir náisiúnaigh Albánacha isteach san Aontas in 2021. Ní mór d'údaráis na hAlbáine dlúthfhaireachán a dhéanamh air sin agus aghaidh a thabhairt air. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Albáin ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **beartas víosaí an Aontais** faoi mar a gheall sí.

75. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, molann an Chomhairle don Albáin leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun riachtanais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh agus chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas.

76. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa **chomhar réigiúnach**. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur lean an Albáin den idirphlé chun **dea-chaidreamh comharsanachta** a áirithiú, rud atá bunriachtanach i gcónaí.

77. Molann an Chomhairle an Albáin go láidir as an gcomhar comhsheasmhach a bhíonn á dhéanamh aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus go háirithe a hailíniú iomlán le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, lena n-áirítear i ndáil le bearta sriantacha an Aontais – comhartha láidir go bhfuil an Albáin tiomanta don Aontas. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na hAlbáine i misin agus oibríochtaí an Aontais faoin g**Comhbheartas Slándála agus Cosanta**. Molann an Chomhairle an Albáin as a rannpháirtíocht ghníomhach mar chomhalta neamhbhuan i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn agus a chosaint.

## AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

### AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

78. Tar éis na gConclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 agus an 24 Meitheamh 2022, agus i bhfianaise an mholta ón gCoimisiún ina dhiaidh sin an 12 Deireadh Fómhair 2022, molann an Chomhairle stádas mar thír is iarrthóir a dheonú don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, faoi réir deimhniú ón gComhairle Eorpach, ar an tuiscint go bhfuil na céimeanna atá sonraithe sa mholadh ón gCoimisiún á dtabhairt, chun an smacht reachta, comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, bainistiú imirce agus cearta bunúsacha a neartú. Tá an Chomhairle ag súil le deimhniú ar an gcinneadh sin ag Comhairle Eorpach mhí na Nollag. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá anois ann, cuireann an Chomhairle i dtreis a phráinní atá sé go rachadh an tír ar aghaidh ar chonair an Aontais go háirithe trí na 14 phríomhthosaíocht a chomhlíonadh le haghaidh tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Aontas a sainaithníodh sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas, mar a d'fhormhuinigh an Chomhairle in 2019. Iarrann an Chomhairle freisin ar na ceannairí polaitiúla uile sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin na gealltanais a leagtar amach sa chomhaontú ar thángthas air an 12 Meitheamh 2022 a chur chun feidhme go pras agus bailchríoch a chur go práinneach ar an athchóiriú bunreachtúil agus ar an athchóiriú toghchánach i gcomhréir leis na príomhthosaíochtaí.

79. Is díol sásaimh é don Chomhairle gur reáchtáladh **olltoghchán** sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin an 2 Deireadh Fómhair 2022. De réir réamhthorthaí agus réamhchonclúidí Mhisean Breathnóireachta Toghchán ESCE/ODIHR, bhí na toghcháin iomaíoch agus dea-eagraithe ar an iomlán ach gur léir mímhuinín i measc an phobail as institiúidí poiblí agus chualathas reitric scoilteach eitneach lena linn. Is príomhthosaíocht a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún é a áirithiú go reáchtáiltear toghcháin i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Tá an tAontas ag súil go gcuirfear reachtais agus rialtais fheidhmiúla ar bun go pras ar leibhéal an Stáit, ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal an chantúin chun díriú ar athchóirithe ar chonair an Aontais.

80. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

81. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin reitric agus gníomhaíochtaí scoilteacha gríosaitheacha a thréigean agus staonadh uathu, lena n-áirítear ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na tíre a cheistiú, agus deireadh a chur le laochra a dhéanamh de choirpigh chogaidh chiontaithe agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

82. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta ar an iomlán maidir le h**athchóirithe**, ach is díol sásaimh di mar sin féin na céimeanna a tugadh le déanaí, lena n-áirítear: gur glacadh leasuithe ar an dlí soláthair phoiblí, gur glacadh straitéis chuimsitheach maidir le bainistiú airgeadais phoiblí ar gach leibhéal rialtais, gur ceapadh ceathrar breithiúna ar shuíocháin fholmha i gCúirt Bhunreachtúil na Cónaidhme, gur daingníodh roinnt comhaontuithe, lena n-áirítear cláir Fís Eorpach agus Eoraip na Cruthaitheachta agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, chomh maith le dul chun cinn a bheith déanta maidir le hoibríochtú an chomhair le Europol agus gur glacadh an straitéis frithsceimhlitheoireachta.

83. Maidir leis na sásraí institiúideacha, a leagadh amach le Comhaontú Síochána Dayton, ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tuilleadh athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha a dhéanamh chun comhionannas agus neamh-idirdhealú gach saoránaigh a áirithiú, go háirithe trí chásdlí Sejdić-Finci na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) a chur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a hiarraidh go mbeadh próiseas cuimsitheach ann maidir le hathchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha teoranta, trí fhíor-idirphlé agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha chun deireadh a chur le gach cineál neamhionannais agus idirdhealaithe sa phróiseas toghchánach. Cuireann an Chomhairle i dtreis nár cheart aon bheart reachtach nó polaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánaí a bheidh sé rialú Sejdić-Finci agus rialuithe gaolmhara ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme nó a mhéadódh na heasaontais atá ann cheana.

84. Cé gur cúis imní di an easpa dul chun cinn, molann an Chomhairle don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin aghaidh a thabhairt ar na hathchóirithe lena ndírítear ar chreat reachtach agus institiúideach na tíre a fheabhsú chun ceanglais bhallraíocht an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chlár náisiúnta a fhorbairt agus a ghlacadh chun *acquis* an Aontais a ghlacadh.

85. Is díol sásaimh don Chomhairle iad na leasuithe reachtacha ar an dlí maidir le soláthar poiblí cé gur oth léi nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar phríomhthosaíochtaí na Tuairime ná ar thorthaí na tuarascála ó na saineolaithe ar shaincheisteanna maidir leis an Smacht Reachta. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá do na húdaráis **an smacht reachta** a atreisiú agus céimeanna cinntitheacha a thabhairt chun an t-éilliú agus an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac. Chun na críche sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin leasuithe ionracais ar an dlí um an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach a ghlacadh agus a reachtaíocht maidir le coinbhleacht leasa a ailíniú le caighdeáin Eorpacha. Meabhraítear don Chomhairle freisin gur gá don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dlí nua a ghlacadh maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach agus an dlí maidir le cúirteanna na Boisnia agus na Heirseagaivéine a ghlacadh. Ní mór cinntí na Cúirte Bunreachtúla a urramú go hiomlán.

86. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an creat reachtach agus institiúideach maidir le **cearta bunúsacha** i bhfeidhm den chuid is mó agus gur glacadh pleananna gníomhaíochta maidir le cuimsiú sóisialta na Romach agus maidir le cearta daoine LGBTI. Iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí athchóirithe maidir le cearta an duine, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, go háirithe trí shásra náisiúnta coisctheach a bhunú i gcoinne na céastóireachta agus na drochíde.

87. Is oth leis an gComhairle a laghad dul chun cinn a rinneadh maidir leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán**, maidir le sábháilteacht iriseoirí, agus tathantaíonn sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a áirithiú go ndéanfar an obair leantach bhreithiúnach iomchuí i ndáil le cásanna bagairtí agus foréigin i gcoinne iriseoirí agus oibrithe sna meáin.

88. Tá an Chomhairle ag súil go dtabharfadh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin céimeanna riachtanacha in **athchóiriú an riaracháin phoiblí** trí státseirbhís ghairmiúil dhípholaitithe a áirithiú, chomh maith le cur chuige comhordaithe i leith ceapadh beartas.

89. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna dearfacha a tugadh chun feabhas a chur ar bhainistiú agus comhordú na **himirce**, chomh maith le córas tearmainn an stáit, agus molann sí don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint go diongbháilte den obair chun dul i ngleic go rathúil le dúshláin na himirce. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire go dearfach gur ghlac Comhairle na nAirí togra reachtach maidir le rialú teorann agus molann sí don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin an straitéis agus an plean gníomhaíochta maidir leis an imirce a ghlacadh, feabhas a chur ar an ailíniú le beartas víosaí an Aontais, chomh maith le bainistiú teorainneacha a neartú agus comhaontú stádais Frontex leis an Aontas a thabhairt i gcrích.

90. Maidir le **hathchóirithe eacnamaíocha**, is cúis bhuartha don Chomhairle é nach bhfuil an tír fós ach ag an tús maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a bhunú agus ó thaobh a hacmhainneachta chun déileáil le brú iomaíoch agus le fórsaí margaidh san Aontas de. Meabhraítear don Chomhairle gur gá comhlíonadh an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) agus tionól rialta cruinnithe chomhlachtaí SA a áirithiú.

91. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh **sa chomhar réigiúnach agus i ndea-chaidrimh comharsanachta.**

92. Is díol sásaimh don Chomhairle gur chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin feabhas suntasach ar a hailíniú le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, rud a léiríonn a thiomanta atá sí do chonair an Aontais. Iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a ráta ailínithe a fheabhsú a thuilleadh agus a áirithiú go gcuirfear na bearta sriantacha chun feidhme ina n-iomláine.

93. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur cuireadh síneadh le sainordú EUFOR Althea, lena dtacaítear i gcónaí leis na húdaráis sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin chun timpeallacht shábháilte, shlán a chothabháil do na saoránaigh uile.

94. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar den chomhar i measc gníomhaithe idirnáisiúnta agus cuireann sí i bhfios go dtacaíonn sí le misean an Ardionadaí agus a oifige Clár Oibre 5+ 2 a chomhlíonadh.

**AN CHOSAIV**

95. Is díol sásaimh don Chomhairle a thiomanta atá an Chosaiv i gcónaí dá conair Eorpach agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé leanúint den **Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais** idir an tAontas agus an Chosaiv a chur chun feidhme.

96. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta a neartú, riar foriomlán an cheartais, comhrac an éillithe, an fhrithsceimhlitheoireacht agus maidir le hantoisceachas foréigneach a chosc. Iarrann sí ar an gCosaiv leanúint de dhlús a chur le comhrac na coireachta eagraithe. Ó thaobh na mbreithiúna de, iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv feabhas a chur ar chur chun feidhme na n-uirlisí atá ann cheana chun iomláine, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh a chosaint, lena n-áirítear trí athruithe reachtacha iomchuí, agus is díol sásaimh di tiomantas an rialtais cloí le moltaí Choimisiún na Veinéise agus comhoibriú leis an Aontas. Ba cheart don Chosaiv leanúint den athchóiriú ar an riarachán poiblí, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí ar státseirbhís atá gairmiúil, cuntasach agus dírithe ar shaoránaigh a chur ar bun, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta.

97. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv aghaidh a thabhairt ar easnaimh a fheictear arís is arís eile sa phróiseas **toghcháin** agus moltaí gaolmhara ó Mhisin Bhreathnóireachta Toghcháin an Aontais a chur chun feidhme roimh na chéad toghcháin eile in 2025. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur chruthaigh an Tionól coiste *ad hoc* ilpháirtí chun obair a dhéanamh ar na hathchóirithe sin. Molann an Chomhairle do na páirtithe polaitiúla uile oibriú le chéile chun ról reachtach an Tionóil a neartú a thuilleadh, chomh maith lena ról maoirseachta, agus tús áite a thabhairt do phríomhreachtaíocht, go háirithe maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas, mar ar ceart tacaíocht ilpháirtí a lorg.

98. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cháin an Chosaiv go láidir cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a treoshuíomh soiléir geostraitéiseach chomh maith lena hailíniú deonach le bearta sriantacha an Aontais agus cur chun feidhme leanúnach na mbeart sin, go háirithe i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise.

99. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil **geilleagar** na Cosaive tar éis teacht aniar eacnamaíoch láidir a dhéanamh tar éis na paindéime ach go bhfuil an t-ionchas fáis in 2022 imithe in olcas. Leis na dúshláin eacnamaíocha dhomhanda atá ann faoi láthair, is léir gur gá leanúint d'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna struchtúracha seanbhunaithe, go háirithe i ndáil leis an tslándáil fuinnimh, agus ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar an easpa éagsúlú eacnamaíoch, ar an spleáchas ar shreabha seachtracha airgeadais agus ar an ngeilleagar neamhfhoirmiúil forleathan, chomh maith le dúshláin i réimse an smachta reachta, lena n-áirítear an t-éilliú.

100. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv straitéis fuinnimh uaillmhianach réamhbhreathnaitheach a fhormheas go pras agus sciar na bhfoinsí inathnuaite ina meascán fuinnimh a mhéadú. Ní mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú, chun foinsí a éagsúlú, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh a fheabhsú, agus chun gréasáin fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt.

101. Tacaíonn an Chomhairle le **léirscaoileadh víosaí** i gcás na Cosaive agus aithníonn sí tábhacht an léirscaoilte sin do shaoránaigh na Cosaive. Tá an Chomhairle ag tnúth go ndéanfar caibidlíocht ghasta rathúil le Parlaimint na hEorpa maidir leis na leasuithe is gá ar Rialachán (AE) 2018/1806.

102. Molann an Chomhairle don Chosaiv iarrachtaí breise a dhéanamh chun an creat dlíthiúil maidir le **cearta bunúsacha** a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus an comhordú agus an mhaoirseacht a fheabhsú. Ní mór a thuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar cosaint iomlán don oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach, do chearta daoine ar de phobail mhionlaigh iad, lena n-áirítear an pobal Romach agus an pobal Aisceailíoch, do dhaoine easáitithe, agus do dhaoine LGBTI, maille leis an gcomhionannas inscne i gcleachtas. Ní mór na sásraí um chearta an duine atá ann cheana a neartú a thuilleadh.

103. Maidir leis an **idirphlé** arna éascú ag an Aontas, is díol sásaimh don Chomhairle é go bhfuiltear ag leanúint den idirphlé, agus molann sí an tArdionadaí agus Ionadaí Speisialta an Aontais as an idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus as an idirphlé maidir le saincheisteanna réigiúnacha sna mBalcáin Thiar agus as a dtiomantas ina leith. Tá sé á fheiceáil don Chomhairle go nglacfaidh an Chosaiv páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an tSeirbia a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le normalú an chaidrimh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sin ríthábhachtach ionas gur féidir leis an gCosaiv agus leis an tSeirbia dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí Eorpacha faoi seach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil go láidir go ndéanfar na comhaontuithe uile a rinneadh san am a chuaigh thart a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán gan mhoill, agus go mbeidh na Páirtithe rannpháirteach ar bhealach cuiditheach chun a ndíospóidí déthaobhacha uile a réiteach. Iarrann an Chomhairle ar an dá Pháirtí staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha a bhféadfadh teannas agus foréigean a theacht astu agus ó reitric nach n-oireann don idirphlé. Meabhraíonn an Chomhairle don dá Pháirtí gur freagracht chomhroinnte orthu é an tsíocháin agus an chobhsaíocht a áirithiú.

104. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá obair Shain-Dlísheomraí na Cosaive agus obair Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe agus go dtacaíonn sí leis an obair sin. Is léiriú tábhachtach ar thiomantas na Cosaive don smacht reachta agus do dheireadh a chur le saoirse ó phionós é go bhfuil an Chosaiv ag leanúint dá comhar iomlán chun iad a chumasú a sainordú a chomhlíonadh.

105. Molann an Chomhairle don Chosaiv straitéis maidir le ceartas idirthréimhseach a fhorbairt, lena n-áirítear cur chuige cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar an am a chuaigh thart. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar an ngá atá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh san idirphlé inmheánach.

106. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá dlúthchomhar na Cosaive le misean **EULEX**, chomh maith le gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta eile.

107. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach agus an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus molann sí don Chosaiv pháirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí **comhair réigiúnaigh**.